North South Ministerial Council
Joint Secretariat

An Chomhairle Aireachta
Thuaidh Theas
An Chomhrúnaíocht

# PÁIPÉAR CATT TEANG 1 (14) CR

# AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH THEAS

# CRUINNIÚ - AN FORAS TEANGA

# INIS CEITHLEANN

# 3 AIBREÁN 2014

# COMHRÁITEAS

1. Tionóladh an t-aon chruinniú is fiche d'Fhoras Teanga na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas in Inis Ceithleann ar an 3 Aibreán 2014. Bhí Carál Ní Chuilín, MLA, Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta; Jimmy Deenihan, TD, Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta;  Donnchadh Mac Fhionnlaoich, TD, Aire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta; agus Jonathan Bell, MLA, Aire Sóisearach in OCALCA, i láthair ag an gcruinniú. Rinne an tAire Ní Chuilín cathaoirleacht ar an gcruinniú.

**TOSAÍOCHTAÍ RANNACHA**

2. Phléigh na hAirí na tosaíochtaí éagsúla atá faoi chúram a Ranna agus nótáil siad go mbeidh na tosaíochtaí sin i dtuarascáil atá le breithniú ag cruinniú Institiúideach CATT amach anseo mar chuid den athbhreithniú leanúnach ar thosaíochtaí rannacha.

**TUARASCÁLACHA AN FHORAIS TEANGA AR DHUL CHUN CINN**

3. Nótáil na hAirí na tuarascálacha ar dhul chun cinn ó Chathaoirligh agus ó Phríomhfheidhmeannaigh Fhoras na Gaeilge agus Ghníomhaireacht na

hUltaise ina bhfuil na héachtaí seo a leanas a bhaineann leis an tréimhse ó mhí na Samhna 2013 go mí an Mhárta 2014:

**Foras na Gaeilge:**

**Socruithe nua maoinithe:**

- Tá sé cheanneagraíocht nua roghnaithe ag Foras na Gaeilge agus bhí cruinnithe ag an bhForas leo chun réim na bhfeidhmeanna sna réimsí faoi seach a aontú;

- Leanfar le bunmhaoiniú a chur ar fáil do 10 gcinn as 19 de na heagraíochtaí reatha bunmhaoinithe (4 cinn ó thuaidh agus 6 cinn ó dheas) go 30 Meitheamh 2014. Leanfar ag cur maoiniú ar fáil do na sé cheanneagraíocht, an tÁisaonad agus dhá raidió pobail (ceann ó thuaidh agus ceann ó dheas) faoi na socruithe nua maoinithe i ndiaidh an dáta seo;

- Tá triúr comhairleoirí ceaptha ag Foras na Gaeilge:

  - comhairleoir bainistiú athruithe chun comhairle a chur ar fáil do na 19 n-eagraíocht ar fad chun na hathruithe a éascú laistigh dá n-eagraíocht;
  - comhairleoir pleanála teanga chun comhairle a chur ar fáil do na 6 cheanneagraíocht agus don Fhóram Forbartha Teanga i ndáil le saincheisteanna pleanála teanga; agus
  - comhairleoir pleanála straitéisí chun comhairle a chur ar fáil do na 6 cheanneagraíocht i ndáil le saincheisteanna pleanála straitéisí;

**Gníomhaíochtaí eile:**

- Tá eolas ón suirbhé uile-oileáin ar mheonta an phobail i leith na Gaeilge curtha faoi bhráid an phobail mar chuid de Sheachtain na Gaeilge chun an dea-thoil leanúnach agus fhorásach i leith na teanga a léiriú; agus

- Bronnadh maoiniú ar 13 fhoilsitheoir faoi Chlár na Leabhar Gaeilge. Tionóladh cruinniú den Ghrúpa Oibre ar an Straitéis don Léitheoireacht agus tá dréacht-thuarascáil á plé.

**Gníomhaireacht na hUltaise:**

- D'eagraigh an Ghníomhaireacht Oíche Ceolchoirme Burns, ar éirigh an-mhaith léi, ar 25 Eanáir 2014 sa Halla Cois Cuain i gcomhar le Ceolfhoireann Uladh. Ghlac Eddi Reader páirt sa cheolchoirm, mar aon le Banna Píbe Sóisearach Ghníomhaireacht na hUltaise agus Rinceoirí Ultaise Chnoc an Mhargaidh.

- Tá Gailearaí Nuálaithe na hUltaise á fhorbairt ag an nGníomhaireacht i gcomhar le Páirc Eolaíochta Thuaisceart Éireann. Lonnófar é seo i nDug Thompson, an áit ar tógadh an Titanic, agus seolfar é ag Féile Mara Bhéal Feirste i mí na Bealtaine.

- Chuir tionscadal drámaíochta camchuairte na Gníomhaireachta Fair Faa Ye sraith de 100 léiriú ar bun i scoileanna ar fud Uladh le linn mhí an Mhárta. Beidh meastóireacht iomlán iarthionscadail curtha i gcrích faoi dheireadh mhí Aibreáin. Tá an t-aiseolas atá faighte go dtí seo ó na scoileanna an-dearfach, go háirithe i ndáil leis na torthaí foghlama do na páistí;

- D'fhorbair an Ghníomhaireacht dhá leibhéal creidiúnaithe do dhrumadóireacht Lann Bheag atá faofa ag an Open College Network (OCN). Tá an Ghníomhaireacht ag dul trí phróiseas i láthair na huaire chun aitheantas a bhaint amach mar Lárionad OCN;

- Cuireadh babhta maoinithe 2014 do cheol agus damhsa i gcrích le linn mhí Eanáir. Fuarthas 233 iarratas. Tar éis seiceálacha cáilitheachta a bheith déanta, rinneadh measúnú ar 170 iarratas agus bronnadh maoiniú arbh fhiú beagnach £310k é;

- Bhronn an Ghníomhaireacht 3 dheontas Tionchar Pobail ("Community Impact") ar ghrúpaí áitiúla i gCill Chaoil, sa Bhaile Nua agus i mBéal Feirste, chun cur ar a gcumas oibrithe forbartha pobail lánaimseartha a fhostú chun tacú leis an Ultais agus chun í a fhorbairt ina gceantair faoi seach. Bronnadh deontais arbh fhiú £104,350 san iomlán iad i mí Feabhra, agus táthar ag súil go bhfaighidh na grúpaí cómhaoiniú de £26,250;

- I mí Eanáir 2014, d'athlonnaigh an Ghníomhaireacht a ceanncheathrú i mBéal Feirste ó Shráid Victoria go dtí Foirgneamh an Corn Exchange ar Shráid Gordon i gCeantar na hArdeaglaise. Mar thoradh ar an athlonnú seo, beidh caighdeán níos fearr cóiríochta ar chostas níos ísle ag an nGníomhaireacht.

**Dul chun cinn ar chomhoibriú idir Gníomhaireacht na hUltaise agus Foras na Gaeilge, lena n-áirítear:**

- Athbhreithniú ar an gcomhscéim comhionannais, lena n-áirítear nuashonrú ar an bpolasaí cosanta ar chibearbhulaíocht; agus

- Comhthionscadal in earnáil na scoileanna imeasctha. Reachtáil an dá Ghníomhaireacht réamhchomhráite le Comhairle TÉ don Oideachas Imeasctha i mí Eanáir maidir le forbairt an chomhthionscadail seo.

## BUISÉID AGUS PLEANANNA GNÓ 2013 & 2014 AGUS PLEANANNA CORPARÁIDEACHA 2014-2016

4. Nótáil na hAirí an seasamh ar Bhuiséid agus Phleananna Gnó 2013. Nótáil siad freisin an dul chun cinn atá déanta ag an dá Ghníomhaireacht maidir lena bpríomhthreo agus a bpríomhaidhmeanna straitéiseacha ina ndréacht-Bhuiséid agus Phleananna Gnó do 2014 agus ina ndréacht-Phleananna Corparáideacha do 2014-2016 faoi seach. Nótáladh go leanfaidh na Ranna Urraíochta ag comhoibriú leis na Gníomhaireachtaí chun Buiséid agus Pleananna Gnó do 2014 agus Pleananna Corparáideacha do 2014-2016 a chur i gcrích agus a chur faoi bhráid chruinniú CATT amach anseo i gcomhair a bhfaofa.

## CUNTAIS AGUS TUARASCÁLACHA BLIANTÚLA AN FHORAIS TEANGA

5. Nótáil na hAirí gur cuireadh Cuntais agus Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite 2011 don Fhoras Teanga faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus Chomhthionól Thuaisceart Éireann ar an 6 Feabhra 2014.

6. Nótáil an Chomhairle go bhfuil cuntais 2012 an dá Ghníomhaireachta á gcur i gcrích ag na hArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste agus meastar go leagfar Cuntais agus Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite an Fhorais Teanga 2012 faoi shamhradh 2014. Nótáladh freisin go gcuirfear tús le hiniúchtaí na hoibre allamuigh ar chuntais 2013 i samhradh 2014.

7. Thug na hAirí aitheantas don chomhoibriú leanúnach le hoifigí neamhspleácha na nArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste sa dá dhlínse, a bhfuil 12 Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Chomhdhlúite don Fhoras Teanga foilsithe don tréimhse 2005 go dáta mar thoradh air.

## CÓID IOMPAIR AN FHORAIS TEANGA DON FHOIREANN AGUS DON BHORD

8. D'fhaomh an hAirí Cóid athbhreithnithe Iompair don fhoireann agus do chomhaltaí Bhord Fhoras na Gaeilge agus Ghníomhaireacht na hUltaise a bhfuil athbhreithniú agus nuashonrú ginearálta déanta orthu, go háirithe chun saincheisteanna a bhaineann le coimhlintí féideartha leasa a thabhairt san áireamh.

## FORAS NA GAEILGE – TIONSCADAL AN FHOCLÓRA

9. Nótáil an Chomhairle an dul chun cinn leanúnach i ndáil le foilsiú an fhoclóra nua Béarla/Gaeilge, lena n-áirítear foilsiú leagan ar líne ar **www.focloir.ie** in Eanáir 2013.

10. D'fhaomh na hAirí, laistigh den bhuiséad reatha, clár ama athbhreithnithe chun forbairt ábhar breise a éascú ar bhonn céimnithe a rachaidh thar na spriocanna

tionscadail a aontaíodh roimhe seo, go deireadh mhí na Nollag 2015, le foilsiú leagan clóite in 2016.

**DÁTA AN CHÉAD CHRUINNITHE EILE**

11. D'aontaigh an Chomhairle go mbeidh an chéad chruinniú eile den Fhoras Teanga ar siúl i mí Dheireadh Fómhair 2014.

**An Chomhrúnaíocht**
**3 Aibreán 2014**

**www.northsouthministerialcouncil.org**